Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11197 — SCL / ETHIAS / ETHIAS LEASE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 279/08)

1. An 31 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Santander Consumer Leasing B.V. ('SCL') (an Ísiltír), a bhaineann le Banco Santander Group,

— Ethias NV/SA ('Ethias') (an Bheilg).

Gheobhaidh SCL agus Ethias rialú comhpháirteach ar Ethias Lease ('an comhfhiontar') ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht ón Ísiltír de chuid Santander Group é SCL, grúpa seirbhísí airgeadais atá lonnaithe sa Spáinn,

— Is árachóir é Ethias a thairgeann réimse táirgí árachais saoil agus neamhshaoil, atá gníomhach sa Bheilg den chuid is mó.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Ethias Lease forbairt agus soláthar seirbhísí léasaithe oibriúcháin le haghaidh feithiclí glasa leictreacha (lena n-áirítear árachas agus cúnamh), agus réitigh leictrea-shoghluaisteachta in earnáil na FBManna, san earnáil chorparáideach agus san earnáil phoiblí sa Bheilg, agus feidhmeoidh sé mar ardán ilbhranda.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11197 — SCL / ETHIAS / ETHIAS LEASE JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË